# Teicneolaíocht an Adhmaid

**Nuachtlitir Theicneolaíocht Adhmaid - Earrach 2022**

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

## Podchraoltaí le Déanaí

Bhí an-áthas ar JCt4 podchraoladh dhá chuid a thaifeadadh ar na mallaibh le Paul Leamy, Ceann Ionaid ag GMIT Leitir Fraic. Sa tsraith dhá chuid, labhraíonn Paul faoi stair an choláiste, an t-aoibhneas a bhaineann le bheith ag obair le hadhmad mar ábhar agus tugann sé cothrom le dáta muid freisin ar an trealamh nua muilleála agus stálaithe a ndearna an coláiste infheistíocht ann. Tá an dá phodchraoladh ar fáil ar ár seinnliosta *Hands On* ar an gcainéal podchraolta Cainteanna na Sraithe Sóisearaí.




Éist le Cuid 1 anseo




Éist le Cuid 2 anseo

## Fáilte

Fáilte go dtí eagrán an Earraigh de nuachtlitir Theicneolaíocht Adhmaid JCt4. Daoibhse, ar léitheoirí nua sibh ar ár nuachtlitir, tá fáilte romhaibh. Is féidir nuachtlitreacha roimhe seo a fheiceáil anseo. Faoi láthair, táimid ag freastal ar **os cionn 1300** múinteoir Teicneolaíocht Adhmaid ó gach cearn den tír agus iad ag plé lena gcnuasach FGL ar líne. Más mian leat féachaint ar aon cheann de na hábhair ó cheardlanna FGL na bliana seo is féidir rochtain a fháil orthu anseo. Is féidir ábhar na seisiún roghnach, mar shampla seimineáir ghréasáin, a fháil anseo freisin.

## Seo í an fhoireann


Déanann foireann Theicneolaíocht Adhmaid JCt4 iarracht cabhrú le múinteoirí Teicneolaíocht Adhmaid ar fud na tíre. Más mian leat teagmháil a dhéanamh le haon duine den fhoireann, is féidir é sin a dhéanamh trí 'Seo í an Fhoireann' a sheiceáil ar **www.jct.ie.**



| Gerard Duff | Declan Regan | Martin Gallagher | Michael Lynch |
|---|---|---|---|
| Ceannaire Foirne | Comhairleoir | Comhairleoir | Comhairleoir |

### Measúnú Rangbhunaithe 1
### *Eolaíocht Adhmaid inár gComhshaol*

Is í seo an tréimhse faoi láthair chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1: *Eolaíocht Adhmaid inár dTimpeallacht*. Moltar do mhúinteoirí iad féin a chur ar an eolas faoi na hábhair chuí atá ar fáil ar **www.curriculumonline.ie**







Chruthaigh muid acmhainn le déanaí chun cabhrú le múinteoirí agus a gcuid scoláirí ag plé le Measúnú Rangbhunaithe 1: *Eolaíocht Adhmaid inár dTimpeallacht.* Cuirtear an acmhainn i láthair mar phóstaer idirghníomhach a thugann rochtain do mhúinteoirí ar chur i láthair físe ar ghnéithe éagsúla de phróiseas an MRB. Faightear anseo an tsraith iomlán acmhainní atá ar fáil.

**Tabhair do d'aire**: Moltar duit féachaint ar an acmhainn seo i gcomhar leis na Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe do Theicneolaíocht Adhmaid.

*Seachtain Náisiúnta na gCrann*

*Beidh Seachtain Náisiúnta na gCrann* ar siúl ón 20 Márta go dtí an 26 Márta.

Chun coinneáil suas chun dáta le príomhimeachtaí agus le hacmhainní a bheadh úsáideach do do scoláirí Teicneolaíocht Adhmaid, féach ar [www.treecouncil.ie](www.treecouncil.ie).
Mar is gnách, beidh foireann Theicneolaíocht Adhmaid JCt4 ag forbairt roinnt ábhar chun an ócáid seo a aibhsiú agus a cheiliúradh. Coinnigh súil ar an spás seo!

## Acmhainní le Déanaí

De réir mar a théann scoláirí Teicneolaíocht Adhmaid i ngleic le heispéiris foghlama éagsúla i rith na bliana acadúla seo, is féidir le múinteoirí acmhainní a uaslódáladh le déanaí a fháil ar ár suíomh gréasáin is féidir leo a athrú le bheith ábhartha agus oiriúnach chun cabhrú le scoláirí ina gcomhthéacs féin. Amharc ar an rannán ['Acmhainní'](Acmhainní) de Theicneolaíocht Adhmaid chun leas a bhaint as na hábhair seo!



## Coinnigh i dteagmháil

Bí ar ár liosta seoltaí [anseo](anseo), chun coinneáil suas chun dáta le nuacht JCt4 go léir agus lean muid ar Twitter freisin.

@JCt4ed

# Tacaíocht Sceitseála JCt4

Chruthaigh muid acmhainn sceitseála le déanaí a d'fhéadfadh gach múinteoir agus gach scoláire i dTeicneolaíochtaí uile na Sraithe Sóisearaí, Teicneolaíocht Adhmaid san áireamh, a iniúchadh. Forbraíodh an acmhainn seo tar éis dúinn aiseolas a fháil ó mhúinteoirí ar fud shraith na n-ábhar Teicneolaíochta maidir le sceitseáil agus iniúchadh a dhéanamh ar chuir chuige oideolaíocha i leith sceitseáil a mhúineadh sa seomra ranga.




[Achainn Sceitseála JCt4](Achainn Sceitseála JCt4)




[Leabhrán tascanna forbartha](Leabhrán tascanna forbartha)

# Scrúdpháipéar Samplach



D'fhoilsigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) páipéir shamplacha i mí Dheireadh Fómhair do shraith na n-ábhar Teicneolaíochta sa tSraith Shóisearach. Is féidir páipéar samplach Teicneolaíocht Adhmaid a fháil [anseo](anseo). Inár gcnuasach reatha FGL ar líne, déanaimid iniúchadh le múinteoirí ar ról na gcomhpháirteanna measúnaithe deiridh i dTeicneolaíocht Adhmaid.

# Teicneolaíocht Adhmaid sa Nuacht!

Bímid i gcónaí ag faire amach d'ailt nuachta, físeáin agus láithreáin ghréasáin a bheadh suimiúil duit féin agus do do scoláirí. D'fhéadfadh na naisc thíos roinnt eispéiris shuimiúla a thabhairt d'fhoghlaimeoirí maidir leis na torthaí foghlama seo a leanas:

***1.8*** *eolas agus scileanna* ***a chur i bhfeidhm*** *i réimse prionsabail, próisis agus teicnící cuí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn.*
***3.10 is mór againn*** *ról na foraoiseachta agus an adhmaid i dtéarmaí na héiceolaíochta agus na hinbhuanaitheachta áitiúla / domhanda.*
***3.11 imscrúdú a dhéanamh*** *ar thuras an adhmaid ón bhforaois go dtí an úsáid deiridh.*

Cliceáil ar na tíleanna íomhá thíos chun rochtain a fháil ar naisc / fhíseáin úsáideacha.



[Dáileoirí sailéad gearrtha ó adhmad athshlánaithe](Dáileoirí sailéad gearrtha ó adhmad athshlánaithe)




[Adhmad – beart sárchliste an dúlra](Adhmad – beart sárchliste an dúlra)



[Crann darach ó dhearcán (íomhá imeacht ama)](Crann darach ó dhearcán (íomhá imeacht ama))

Ba mhaith leis an bhfoireann Theicneolaíocht Adhmaid gach rath a ghuí ort agus táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair le múinteoirí ar feadh a bhfuil fágtha den bhliain.
Le dea-mhéin
**Foireann Theicneolaíocht Adhmaid JCt4**